



Gné den Mhata	Uimhreas - ionadluach, oibríochtaí, patrúin agus gaolta <i>Comhtháthú- Teanga</i>
Scileanna Forbartha	Cur i bhfeidhm agus réiteach fadhbanna - straitéisí éagsúla a roghnú agus a chur i bhfeidhm chun tascanna agus tionscadail a chomhall nó chun fadhbanna a réiteach Cumarsáid agus cur in iúl - próisis agus torthaí oibre a phlé agus a chlárú agus modhanna éagsúla a úsáid chuige Réasúnaíocht - hipitéisí a cheapadh agus trialacha a dhéanamh chun iad a thástáil
Teanga agus Téarmaíocht	suimigh, roinnt, fachtóir, iolraí, teaghlaim, uimhreacha leantacha, meas, cnaipe, scáileán, taispeáint, ionchur
Áiseanna	áireamháin, peann luaidhe, páipéar, tábla, greillí uimhreacha, bileog acmhainne an dalta





Cur Síos ar an nGníomhaíocht

Sa ghníomhaíocht seo, úsáideann daltaí suimiú, dealú, iolrú agus roinnt chun imscrúduithe matamaiticiúla a chur i gcrích.

1 Gníomhaíocht 1

Déanfaidh na daltaí iarracht 100 a dhéanamh ag iolrú uimhreacha 0-10 faoi shlánuimhreacha eile. Tá seans go bhfuil cúpla réiteach ar eolas acu cheana féin. Mar shampla, i gcúrsaí airgid, $2c \times 50 = 100$. Ní mór a rá gur chóir meastachán a úsáid sular mbainfear úsáid as an áireamhán chun freagraí a dhearbhú.

2 Gníomhaíocht 2

Roghnóidh daltaí teaglamaí difriúla de dhá, trí, ceithre nó cúig uimhir ón ngreille agus déanfaidh siad iad a shuimiú le háireamhán chun an sprioc de 1000 a bhaint amach. Pléann siad na straitéisí a d'úsáid siad agus na slite a bhfuair siad réitigh. Mar shampla, ar úsáid siad eolas ar uimhirnaisc, slánú agus coigeartú, nó iolraithe agus iad ag suimiú uimhreacha?

3 Gníomhaíocht 3

Aisiompaíonn daltaí ord uimhreacha dhá dhigit ar bith agus suimíonn siad patrúin ina gcuid freagraí le chéile chun iolraithe a aimsiú agus a fhiosrú. Mar shampla, $12 + 21 = 33$. Cuardóidh siad patrúin agus déanfaidh siad iarracht teacht ar riail a mhíníonn na patrúin a d'aimsigh siad. Stop go rialta chun rialacha atá á gcruthú ag na daltaí a phlé, agus a bheachtú de réir mar a thagann siad ar níos mó réiteach.

Sín an ghníomhaíocht chun uimhreacha trí dhigit agus ceithre dhigit a fhiosrú. Mar shampla, uimhreacha leantacha a shuimiú $123 + 321 = 444$.





Ceisteanna Samplacha

Ceisteanna Dúnta	Ceisteanna Oscailte
<ul style="list-style-type: none"> • Cad a shuimíonn tú le x chun y a dhéanamh? • Cad a iolraím 25 faoi chun 100 a dhéanamh? • Agus an fheidhm iolraithe ar an áireamhán in úsáid agat, conas is féidir leat 50 a athrú go 100? 	<ul style="list-style-type: none"> • Cad iad na huimhreacha is féidir liom a shuimiú le chéile chun 1000 a dhéanamh? • Cén patrúin is féidir leat a aimsiú d'uimhreacha atá inroinnte ar x? • Conas a dhéanfá cur síos ar do riail? • Cad iad na fáthanna a chruthaíonn do riail? • An féidir leat smaoineamh ar rialacha eile bunaithe ar do bhreathnuithe nó ar an méid a dúirt do chomhscoláirí?

Difreáil

Maidir le difreáil, is féidir sprioc uimhir níos airde nó níos ísle a roghnú. De rogha air sin, d'fhéadfadh an liosta iolraithe sa ghreille a bheith níos giorra ionas nach mbeidh ar na daltaí ach líon níos lú de bhealaí a shainaithint chun 100 a bhaint amach. I nGníomhaíocht 2, is féidir le daltaí uimhreacha níos simplí nó níos deacra a úsáid ag brath ar an tuiscint atá acu. Is féidir leo uimhreacha a úsáid lena ngreillí féin chun sprioc uimhreacha difriúla a chruthú freisin. Is féidir leo a gcomhthéacs féin a roghnú maidir leis na greillí a chruthú cosúil le figiúirí tinrimh ó eachtra spóirt, nó an praghas ar earraí i siopa.

Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.





Cuid 1

100 a dhéanamh

Úsáid an t-áireamhán chun na huimhreacha thíos a athrú go 100 nuair a iolraíonn tú iad faoi shlánuimhir eile.

Uimhir	An ndearna tú 100?	Conas?
0		
1		
2	Rinne	$2 \times 50 = 100$
3		
4		
5		
6		
7		
8		
9		
10		

Cuid 2:

1000 a dhéanamh

Roghnaigh ceithre uimhir ón eangach. Suimigh iad le chéile chun a fháil amach an ndéanann siad 1000. Dean taifead ar na teaglamaí a dhéanann 1000.

275	382	81	174
206	117	414	262
483	173	239	138
331	230	325	170





Cuid 3:

A hAon Déag

Roghnaigh uimhir dhá dhigit. Aisiompaigh na digití agus scríobh d'uimhir nua thíos. Suimigh an dá uimhir le chéile. Úsáid áireamhán chun iarracht a dhéanamh an uimhir a roinnt ar 11. An bhfuil an uimhir inroinnte ar 11?

Bain triail as seo le huimhreacha 3 / 4 / 5 dhigit.

An bhfuil riail ann?

